Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1450

29.6.2026

**CINNEADH (CBES) 2026/1450 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 26 Meitheamh 2026**

**maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003 ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta ('an Straitéis'), ina luaitear gur féidir le neamhleathadh, dí-armáil agus rialú arm rannchuidiú ar bhealach riachtanach le comhrac domhanda na sceimhlitheoireachta trí laghdú a dhéanamh ar an riosca go bhfaigheadh gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad rochtain ar airm ollscriosta agus ar ábhair radaighníomhacha agus modhanna a seachadta. I gCaibidil III den Straitéis, tá liosta beart is gá a dhéanamh, san Aontas agus i dtríú tíortha araon, chun leathadh den sórt sin a chomhrac.

(2) Tá an Straitéis á cur chun feidhme go gníomhach ag an Aontas agus tá éifeacht á tabhairt aige do na bearta a liostaítear i gCaibidil III di, go háirithe trí oibriú i dtreo uiliú agus, i gcás inar gá, neartú na bpríomhchonarthaí, na bpríomhchomhaontuithe agus na bpríomhshocruithe fíorúcháin maidir le dí-armáil agus neamhleathadh, chomh maith le trí acmhainní airgeadais a scaoileadh chun tacú le tionscadail shonracha arna ndéanamh ag institiúidí iltaobhacha, mar shampla Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC) agus Oifig Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe (UNOCT).

(3) An 13 Aibreán 2005, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur, a osclaíodh lena shíniú an 14 Meán Fómhair 2005.

(4) Ina Chlár Oibre um Dhí-armáil dar teideal *Securing our Common Future*, a seoladh an 24 Bealtaine 2018, thug Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dá aire nach raibh na rioscaí núicléacha inghlactha agus go raibh siad ag dul i méid.

(5) An 10 Nollaig 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1939 [1].

(6) An 7 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/919 [2], lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939 agus lena gcuirtear síneadh lena chur chun feidhme go dtí an 30 Samhain 2022 i bhfianaise na ndúshlán leanúnach arna n-eascairt as paindéim COVID-19.

(7) An 8 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2185 [3], lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939 agus lena gcuirtear síneadh breise lena chur chun feidhme go dtí an 30 Meitheamh 2023 i bhfianaise na moille leanúnaí ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail faoi Chinneadh (CBES) 2018/1939 mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19.

(8) Tagraíonn Compás Straitéiseach 2022 um Shlándáil agus Cosaint do shíorbhagairt an leathadh arm ollscriosta agus modhanna a seachadta, agus cuirtear in iúl ann cuspóir an Aontais gníomhaíochtaí nithiúla an Aontais a threisiú mar thaca le spriocanna dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm. Luaitear ann freisin bagairt thrasnáisiúnta na sceimhlitheoireachta mar dhúshlán leanúnach agus toil an Aontais chun a fhreagairt a neartú chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos fearr.

---

(1) Cinneadh (CBES) 2018/1939 ón gComhairle an 10 Nollaig 2018 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (IO L 314, 11.12.2018, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/1939/oj).

(2) Cinneadh (CBES) 2021/919 ón gComhairle an 7 Meitheamh 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (IO L 201, 8.6.2021, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/919/oj).

(3) Cinneadh (CBES) 2022/2185 ón gComhairle an 8 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (IO L 288, 9.11.2022, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2185/oj).

(9) An 19 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1187 ([4]).

(10) Tá Cinneadh (CBES) 2023/1187 le dul in éag an 30 Meitheamh 2026. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle an Cinneadh seo a ghlacadh chun leanúint den Straitéis, de Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh agus den Chompás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint a chur chun feidhme.

(11) Ba cheart cur chun feidhme teicniúil an Chinnidh seo a chur de chúram ar UNODC agus ar Lárionad Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe de chuid UNOCT.

(12) Ba cheart an Cinneadh seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gCreat–Chomhaontú Airgeadais agus Riaracháin arna thabhairt i gcrích ag an gCoimisiún Eorpach leis na Náisiúin Aontaithe a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas le cláir nó tionscadail arna riar ag na Náisiúin Aontaithe a bhainistiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. D'fhonn Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta, Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint a chur chun feidhme, tacóidh an tAontas a thuilleadh le huiliú agus le cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (ICSANT) trí ghníomhaíocht oibríochtúil ('an ghníomhaíocht').

2. Is é a bheidh i gcuspóirí na gníomhaíochta:

(a) líon na Stát a thionscnaíonn próisis le bheith ina bPáirtithe in ICSANT a mhéadú agus feasacht agus eolas ar ICSANT a mhúscailt i measc tairbhithe, mar shampla lucht ceaptha beartas náisiúnta agus cinnteoirí náisiúnta, agus i bhfóraim idirnáisiúnta;

(b) feabhas a chur ar reachtaíocht náisiúnta agus ar chumas oifigeach ceartais choiriúil agus geallsealbhóirí náisiúnta ábhartha eile i dtíortha tairbhíocha cásanna ina bhfuil ICSANT ábhartha a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú;

(c) feabhas a chur ar bheartais, ar chleachtais agus ar nósanna imeachta chun an bhagairt go bhfaigheadh, go sealbhódh nó go n-úsáidfeadh gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad, lena n-áirítear sceimhlitheoirí, ábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile a chosc, a bhrath agus freagairt don bhagairt sin;

(d) feabhas a chur ar an eolas agus ar an tuiscint ar bhagairt na sceimhlitheoireachta raideolaíche agus na sceimhlitheoireachta núicléiche agus ar iompar coiriúil eile a bhaineann le hábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile;

(e) feabhas a chur ar an gcomhar náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear malartú faisnéise, laistigh de Stáit is Páirtithe agus eatarthu féin, maidir le bearta éifeachtacha praiticiúla a cheapadh agus a ghlacadh chun ICSANT a chur chun feidhme go héifeachtach.

3. Leagtar amach san Iarscríbhinn tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomhaíocht.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC) agus Oifig Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe (UNOCT) a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta a chur i gcrích.

3. Déanfaidh UNODC agus UNOCT an cúram dá dtagraítear i mír 2 faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNCOD agus le UNOCT.

([4]) Cinneadh (CBES) 2023/1187 ón gComhairle an 19 Meitheamh 2023 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (IO L 157, 20.6.2023, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1187/oj).

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 2 000 000,02 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme na gníomhaíochta ('an caiteachas').

2. Bainisteofar an caiteachas i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontuithe ranníocaíochta i gcrích le UNODA agus le UNOCT. Sonrófar sna comhaontuithe ranníocaíochta go n-áiritheoidh UNODC agus UNOCT infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, agus sin iomchuí dá méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a tugadh na comhaontuithe sin i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta ó UNODC agus UNOCT. Is ar bhonn na dtuarascálacha sin a dhéanfaidh an Chomhairle an mheastóireacht.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais chur chun feidhme na gníomhaíochta.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis dháta thabhairt i gcrích na gcomhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3). Rachaidh sé in éag 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, áfach, mura mbeidh comhaontú tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Meitheamh 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. DAMIANOS

*IARSCRÍBHINN*

**DOICIMÉAD TIONSCADAIL**

**Tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur**

## Cúlra

In 2005, ba chloch mhíle shuntasach é nuair a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (ICSANT) lena gcuirtear neart leis an gcreat dlíthiúil idirnáisiúnta don tslándáil núicléach. Tá 127 Stát ar páirtithe iad sa Choinbhinsiún amhail ó mhí an Mhárta 2026.

Tá ICSANT ar cheann de na 19 n-ionstraim dlí idirnáisiúnta lena gcomhraictear an sceimhlitheoireacht. Tá sé ríthábhachtach don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta iompar sceimhlitheoireachta nó iompar coiriúil eile a bhaineann le hábhar núicléach nó le hábhar radaighníomhach eile a chosc agus a chomhrac go héifeachtach. Is é an chéad chéim riachtanach ICSANT a ghlacadh mar pháirtí agus is den ríthábhacht freisin é a chur chun feidhme go héifeachtach (go reachtach agus go teicniúil). Ceanglaítear le ICSANT go nglacfaí reachtaíocht náisiúnta cur chun feidhme lena n-áirithítear go dtrasuífí, ar bhealach leordhóthanach, na hoibleagáidí uile a leagtar amach sa Choinbhinsiún sin. Leis an méid sin, soláthraítear cumhdach dlíthiúil cuimsitheach i dtaca le coireanna a bhaineann le hábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile, lena n-áirítear gníomhartha sceimhlitheoireachta, mar aon le sásraí chun an t-iompar sin a chosc agus a bhrath agus chun freagairt air. Tá ról lárnach ag an gCoinbhinsiún maidir leis an ollstruchtúr idirnáisiúnta slándála núicléiche a fheabhsú, agus má táthar leis an sprioc cloíte uilechoitinn a bhaint amach chun a áirithiú nach mbeidh aon tearmainn ann a líomhnaítear go ndearna siad coir, ní mór iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh.

Sa chomhthéacs sin, is faoi chuimsiú comhpháirtíocht slándála iltaobhach thábhachtach idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe a thugann aghaidh ar bhagairt na sceimhlitheoireachta núicléiche agus ar iompar coiriúil eile a bhaineann le hábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile a rinneadh an chéad agus an dara tionscadal, lena dtacaítear le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach ICSANT (Eanáir 2019 go Meitheamh 2023 agus Iúil 2023 go Meitheamh 2026, faoi seach).

Chun iompar coiriúil arna dhéanamh ag gníomhaithe neamhstáit a chosc, a bhrath agus a chur faoi chois, ar iompar é sin a bhaineann le hábhar núicléach nó le hábhar radaighníomhach eile, ní mór creat dlíthiúil náisiúnta láidir a bheith ann, agus beidh ICSANT ina phríomhbhonn dó sin. Is ardtosaíocht i gcónaí don chomhphobal idirnáisiúnta ICSANT a uiliú agus a chur chun feidhme go héifeachtach.

## Réasúnaíocht an tionscadail

Fiche bliain tar éis a ghlactha, tá ICSANT fós an-ábhartha ní hamháin do Stáit ag a bhfuil ábhar núicléach nó a oibríonn cláir cumhachta núicléiche, ach do gach tír eile freisin, ós rud é go gcumhdaítear leis an gCoinbhinsiún sin raon leathan ábhar radaighníomhach a úsáidtear go coitianta sa leigheas, sa tionsclaíocht, sa talmhaíocht agus sa taighde. Cuireann an raon feidhme leathan sin i bhfios go láidir nach bhfuil aon Stát díolmhaithe ó na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid fhéideartha na n-ábhar sin. Ar an gcúis sin, tá sé ríthábhachtach leanúint d'uiliú ICSANT a chur chun cinn agus tacú leis, agus béim láidir a leagan ar a chur chun feidhme éifeachtach. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí, chun an tslándáil núicléach dhomhanda a neartú, a léiriú cé na tairbhí nithiúla a bhaineann le dul isteach sa Choinbhinsiún agus é a chur chun feidhme go héifeachtach. Sa chomhthéacs sin, oibreoidh an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe i gcomhpháirt le chéile arís i dtionscadal nua dar teideal 'Tacú le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur', lena dtreiseofar a thuilleadh na hiarrachtaí comhchoiteanna chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí leanúnacha atá ag teacht chun cinn a bhaineann le hábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile.

## Sprioc an Tionscadail

Le tacaíocht ón tionscadal, is fearr agus is éifeachtaí a dhéanfar ICSANT a uiliú agus a chur chun feidhme, trí bhíthin creataí dlíthiúla náisiúnta níos láidre agus níos comhleanúnaí agus fothú láidir acmhainneachta.

**Tréimhse an Tionscadail**

an 1 Iúil 2026 – an 30 Meitheamh 2029 (36 mhí)

**Raon Feidhme Geografach an Tionscadail**

Domhanda, réigiúnach, náisiúnta

**Cur Chuige an Tionscadail**

Is é an Brainse um Chosc na Sceimhlitheoireachta de chuid Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC) a chuirfidh an tionscadal seo chun feidhme, trína Chlár um Chosc na Sceimhlitheoireachta CBRN, agus cuirfidh Oifig na Náisiún Aontaithe um an bhFrithsceimhlitheoireacht (UNOCT) chun feidhme é tríd an gClár Domhanda um Úsáid Arm ag Sceimhlitheoirí a Chomhrac de chuid Lárionad Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe (UNCCT), i ndlúthchomhar le hoifigí allamuigh ábhartha chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha, de réir mar is iomchuí. Áirítear leis sin Toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh, Tionscnamh an Aontais Eorpaigh maidir le hIonaid Barr Feabhais chun Riosca CBRN a Mhaolú (IBF CBRN AE), an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA), Institiúid Idir-Réigiúnach na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an gCoireacht agus ar an gCeartas (UNICRI), Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA), Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1540 (2004) agus a Ghrúpa Saineolaithe, agus eagraíochtaí eile nach iad.

Roinnfear an tionscadal ina dhá chomhpháirt, gach ceann acu le bheith curtha chun feidhme ag UNODC agus ag UNOCT/UNCCT, faoi seach, i gcomhréir lena sainorduithe agus lena saineolas. Beidh roinnt aschur agus gníomhaíochtaí á gcur chun feidhme ag UNODC, dá bharr sin, agus cuirfidh UNOCT/UNCCT cinn eile chun feidhme. I gcásanna áirithe, beidh an dá eintiteas rannpháirteach ann.

Cuirfidh an tionscadal leis na gníomhaíochtaí a rinneadh agus leis na huirlisí a forbraíodh faoi Chinntí (CBES) 2018/1939 an 10 Nollaig 2018 agus (CBES) 2023/1187 an 19 Meitheamh 2023 ón gComhairle. Déanfar é i gcomhréir le Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta, le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála agus leis an gCompás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint, leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, le Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe (A/RES/60/288) agus le rúin eile ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (e.g., A/RES/78/226). Comhtháthófar sa tionscadal na noirm agus na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le cearta an duine.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm ar bhealach inscne-íogair, agus déanfar peirspictíochtaí inscne a phríomhshruthú i ngach céim den tionscadal. Sa tionscadal, cuirfear peirspictíochtaí inscne chun cinn agus déanfar gné na hinscne a chomhtháthú ina mhodheolaíocht agus, a mhéid is féidir, áiritheofar comhdheiseanna d'oifigigh baineanna agus d'oifigigh fhireanna chun bheith rannpháirteach i ngach imeacht tionscadail, agus béim á leagan ar na tairbhí a bhaineann le seirbhísigh phoiblí ar mná iad a áireamh sna hinstitiúidí náisiúnta. Déanfar an t-aiseolas go léir a bhailítear ó shuirbhéanna agus tástálacha réamh-cheardlainne agus iar-cheardlainne a imdhealú de réir inscne, lena chinntiú sa tionscadal go ndéanfar dearcadh na n-oifigeach baineann a fháil agus a thuairisciú. Déanfaidh táscairí tionscadail sonraí atá imdhealaithe de réir inscne a bhailiú agus a thuairisciú.

**Torthaí an Tionscadail**

**Toradh 1:** Méadú ar líon na Stát a bhreithníonn/a thionscnaíonn próisis/le bheith ina bpáirtithe in ICSANT agus méadú ar fheasacht agus eolas ar ICSANT, lena n-áirítear gnéithe ábhartha de chearta an duine, a mhúscailt sna tairbhithe (lucht ceaptha beartas agus cinnteoirí náisiúnta, lena n-áirítear parlaiminteoirí) agus i bhfóraim idirnáisiúnta. Baintear leas as na comhlántachtaí le hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile (CCFAN, A/CCFAN, rún 1540 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe) de réir mar is iomchuí.

**Toradh 2:** Feabhas a chur ar reachtaíocht náisiúnta agus ar chumas oifigeach ceartais choiriúil agus geallsealbhóirí náisiúnta ábhartha eile i dtíortha tairbhíocha cásanna ina mbeadh feidhm ag ICSANT a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú.

**Toradh 3:** Feabhas a chur ar bheartais, cleachtais agus nósanna imeachta chun bagairt na ngníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad, sceimhlitheoirí san áireamh, a fhaigheann ábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile, nó a shealbhaíonn agus/nó a úsáideann an t-ábhar sin, a chosc, a bhrath agus freagairt ar an mbagairt sin agus feabhas a chur ar an eolas agus an tuiscint ar bhagairt na sceimhlitheoireachta raideolaíche agus na sceimhlitheoireachta núicléiche agus ar iompar coiriúil eile a bhaineann leis na hábhair sin.

**Toradh 4:** Feabhas a chur ar an gcomhar náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear malartú faisnéise, laistigh de na Stáit is Páirtithe agus eatarthu féin agus bearta éifeachtacha praiticiúla á gceapadh agus á nglacadh acu chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme go héifeachtach.

**Aschuir agus gníomhaíochtaí tionscadail**

***Toradh 1: Méadú ar líon na Stát a bhreithníonn/a thionscnaíonn próisis/le bheith ina bpáirtithe in ICSANT agus méadú ar fheasacht agus eolas ar ICSANT, lena n-áirítear gnéithe ábhartha de chearta an duine, a mhúscailt sna tairbhithe (lucht ceaptha beartas agus cinnteoirí náisiúnta, lena n-áirítear parlaiminteoirí) agus i bhfóraim idirnáisiúnta. Baintear leas as na comhlántachtaí le hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile (CCFAN, A/CCFAN, rún 1540 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe) de réir mar is iomchuí.***

**Aschur 1.1: Cuirtear chun cinn a thábhachtaí atá uiliú agus cur chun feidhme éifeachtach ICSANT, tríd an infheictheacht agus an abhcóideacht**

**Gníomhaíocht 1.1.1: ICSANT imeacht ardleibhéil '20 bliain ar an bhfód' (UNODC)**

Eagróidh agus seachadfaidh UNODC imeacht ardleibhéil a bheidh le comhóstáil leis an Aontas agus le Ceanada i Vín chun 20 bliain a chomóradh ó tháinig ICSANT i bhfeidhm in 2027, ar ócáid í 1) a bheith ina chruinniú *de facto* de na Stáit is páirtithe agus ina fhóram fíor-riachtanach chun plé a dhéanamh ar an gcur chun feidhme domhanda agus náisiúnta, lena n-áirítear na dúshláin a chonacthas agus dul chun cinn a rinneadh go dtí seo, agus ar an gcomhar idirnáisiúnta faoin gCoinbhinsiún, chomh maith le breithnithe maidir le cearta an duine faoi ICSANT agus gnéithe inscne; (2) ag a spreagfar Stáit nach páirtithe iad go fóill chun machnamh a dhéanamh ar bheith ag cloí le ICSANT; (3) ag a leagfar amach an bealach chun cinn maidir le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach ICSANT.

**Gníomhaíocht 1.1.2: Infheictheacht, abhcóideacht na n-imeachtaí a bhaineann le ICSANT arna n-óstáil ag eagraíochtaí eile (UNODC/UNOCT), agus rannchuidiú leo**

Faoina sainorduithe faoi seach, agus de réir mar is iomchuí, tabharfaidh UNODC agus UNOCT/UNCCT saineolas agus cuirfidh siad ICSANT, agus na gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoin tionscadal, chun cinn i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear imeachtaí a bhaineann leis / arna n-eagrú ag na nithe seo a leanas:

— creataí dlíthiúla idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Fhisiciúil Ábhair Núicléach agus an leasú air, rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, ach gan bheith teoranta dóibh sin;

— eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear IAEA, Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (INTERPOL), UNICRI, Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil (UNIDIR), UNODA, Oifig Gnóthaí Dlíthiúla na Náisiún Aontaithe (OLA), ach gan a bheith teoranta dóibh sin;

— an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha;

— tionscnaimh idirnáisiúnta lena n-áirítear IBF CBRN AE, an Chomhpháirtíocht Dhomhanda i gcoinne Leathadh Arm agus Ábhar Ollscriosta, an Tionscnamh um Bagairt Núicléach agus Comhshocrú Comhordúcháin Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Frithsceimhlitheoireacht.

**Aschur 1.2: Cloí le ICSANT agus sineirgí agus comhlántachtaí le hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile a chur chun cinn agus a mhéadú**

**Gníomhaíocht 1.2.1: Meabhráin chomh-aireachta (UNODC)**

Bunaithe ar thaithí fhairsing UNODC maidir le meabhráin chomh-aireachta a ullmhú as ar eascair comhlíonadh ICSANT nó a bhfuil comhlíonadh ICSANT á chur chun cinn acu, ullmhóidh UNODC meabhrán comh-aireachta samplach a bheidh ag na Stáit mar thagairt agus iad ag breathnú ar chloí le ICSANT. Foilseofar é ar shuíomh gréasáin UNODC. Tabharfaidh UNODC tuilleadh cúnaimh do na Stáit iarrthacha le dréachtmheabhráin chomh-aireachta shaincheaptha. Is doiciméid mhionsonraithe iad na meabhráin sin lena dtabharfar aghaidh ar staid agus ar riachtanais shonracha na dtíortha chun tacú leis na haireachtaí ábhartha agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile a mholann do chinnteoirí go gcloífí le ICSANT.

***Toradh 2: Feabhas a chur ar reachtaíocht náisiúnta agus ar chumas oifigeach ceartais choiriúil agus geallsealbhóirí náisiúnta ábhartha eile i dtíortha tairbhíocha cásanna ina mbeadh feidhm ag ICSANT a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú.***

**Aschur 2.1: Cuirtear cúnamh reachtach ar fáil do Stáit iarrthacha**

**Gníomhaíocht 2.1.1: Cúnamh reachtach ábhartha chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha ICSANT agus cur i bhfeidhm an dlí ag oifigigh túslíne, arna dhéanamh ag údaráis forfheidhmithe dlí, ag ionchúisitheoirí, ag na breithiúna agus ag aon pháirtí leasmhar ábhartha eile, a chumasú (UNODC)**

Cuirfidh UNODC cúnamh reachtach ábhartha ar fáil do Stáit iarrthacha (bíodh nó ná bídís ina bpáirtithe fós in ICSANT) trí athbhreithnithe deisce agus ceardlanna dréachtaithe náisiúnta ar líne, arna iarraidh sin agus de réir mar is iomchuí, ag tógáil ar shamhail chomhpháirteach fhorálacha coiriúliúcháin UNODC-IAEA i gcoinne na sceimhlitheoireachta núicléiche, Lámhleabhar UNODC maidir le Cúnamh Dlí Frithpháirteach agus Eiseachadadh agus Uirlis UNODC chun Iarraidh ar Chúnamh Dlí Frithpháirteach a Scríobh, dea-chleachtais a shainaithnítear tríd an tiomsú, arna dhéanamh ag UNODC, ar reachtaíocht náisiúnta cur chun feidhme Airteagal 2 de ICSANT, chomh maith le huirlisí arna bhforbairt ag UNODC faoi Chinntí ón gComhairle a eisíodh roimhe seo agus faoi thionscadail chomhlántacha eile.

**Aschur 2.2: Feabhas curtha ar chumas na gcóras ceartais choiriúil náisiúnta cionta a bhaineann le ICSANT a chosc, a bhrath, a chur faoi chois, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú**

**Gníomhaíocht 2.2.1: Seimineáir náisiúnta d'ionaid oideachais bhreithiúnaigh agus oiliúna breithiúnaí (UNODC)**

Eagróidh UNODC cúig (5) sheimineár náisiúnta i Stáit ar páirtithe iad cheana féin in ICSANT d'oifigigh cheartais choiriúil ag ionaid oideachais bhreithiúnaigh nó ag ionaid oiliúna ábhartha eile chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht ICSANT a chur chun feidhme go héifeachtach agus feasacht a mhúscailt i leith an Choinbhinsiúin. Beidh na seimineáir, *inter alia*, ag brath ar an lámhleabhar maidir le cásanna ficseanúla faoi ICSANT agus ábhair eile a d'fhorbair UNODC faoi Chinntí ón gComhairle a eisíodh roimhe seo, agus cuirfidh siad i bhfeidhm an mhodheolaíocht 'oiltear na hoiliúnóirí' chun inbhuanaitheacht a áirithiú. Dá measfaí gurbh éifeachtaí aon cheann de na seimineáir a sheachadadh ar líne in aon tír, d'fhéadfaí líon na seimineár náisiúnta a mhéadú, ach acmhainní a bheith ar fáil.

**Aschur 2.3: Déantar suíomh gréasáin ICSANT (UNODC) a choinneáil ar bun, a thabhairt cothrom le dáta go rialta, a fheabhsú agus a fhorbairt a thuilleadh**

**Gníomhaíocht 2.3.1: Suíomh gréasáin ICSANT (UNODC)**

Déanfaidh UNODC an suíomh gréasáin a choinneáil ar bun, a thabhairt cothrom le dáta go rialta, a fheabhsú agus a fhorbairt a thuilleadh i dteangacha oifigiúla uile na Náisiún Aontaithe. Is é suíomh gréasáin ICSANT (UNODC) (unodc.org/icsant) an pointe tagartha do chleachtóirí ar fud an domhain ós rud é go bhfuil gach acmhainn a bhaineann leis an gCoinbhinsiún le fáil ann, lena n-áirítear an stair nós imeachta, an stádas i leith cloí leis an gCoinbhinsiún, ailt anailíseacha, an bailiúchán reachtaíochta náisiúnta cur chun feidhme, uirlisí fothaithe acmhainneachta (lena n-áirítear modúil ríomhfhoghlama) agus faisnéis ghaolmhar maidir le cúnamh teicniúil agus reachtach UNODC. Ó seoladh é i mí Mheán Fómhair 2021, cheadaigh os cionn 118 000 úsáideoir an suíomh gréasáin. Is ann freisin atá bunachar sonraí údarás ainmnithe ICSANT de bhun Airteagal 7(4). Ina theannta sin, óstálfaidh an suíomh gréasáin bunachair sonraí nua a fhorbrófar de bhun na bhfeidhmeanna nua a bhaineann le Rúnaíocht ICSANT a thagann faoi raon feidhme UNODC.

***Toradh 3: Feabhas a chur ar bheartais, cleachtais agus nósanna imeachta chun bagairt na ngníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad, sceimhlitheoirí san áireamh, a fhaigheann ábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile, nó a shealbhaíonn agus/nó a úsáideann an t-ábhar sin, a chosc, a bhrath agus freagairt ar an mbagairt sin agus feabhas a chur ar an eolas agus an tuiscint ar bhagairt na sceimhlitheoireachta raideolaíche agus na sceimhlitheoireachta núicléiche agus ar iompar coiriúil eile a bhaineann leis na hábhair sin.***

**Aschur 3.1: Neartaítear cumas na Stát is páirtithe fáil, seilbh agus/nó úsáid ábhair núicléach nó ábhair radaighníomhaigh eile a chosc, a bhrath agus freagairt ar an méid sin**

**Gníomhaíocht 3.1.1: Ceardlanna réigiúnacha agus cleachtaí boird chun cur le cumas na Stát is páirtithe an sceimhlitheoireacht núicléach a chomhrac (UNOCT)**

Ag tógáil ar an saineolas agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na 10 gceardlann agus na cleachtaí boird a chuir UNOCT/UNCCT ar fáil, faoin dá Chinneadh ón gComhairle roimhe seo, eagróidh UNOCT/UNCCT trí cheardlann réigiúnacha agus cleachtaí boird freisin chun comhar trasteorann agus sásraí comhordúcháin a neartú chun sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach (R/N) a chosc, a ullmhú, a thoirmeasc agus chun freagairt uirthi. Beidh roinnt foirne tíre páirteach i bhfíorchleachtaí cásbhunaithe/suíomhbhunaithe (e.g. faisnéis, custaim, rialáil, breithiúna, sláinte, earnálacha beartais, etc.) agus feabhsóidh siad a n-acmhainneacht i réimsí amhail brath, fóiréinsic, freagairt agus maolú sceimhlitheoireachta R/N agus cuideoidh siad leis na húdaráis náisiúnta ICSANT a chur chun feidhme go héifeachtach agus comhar idirnáisiúnta a fheabhsú, rud a léireoidh a thábhachtaí atá sé a bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún. Díreoidh siad freisin ar chomhroinnt faisnéise agus ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach, rud a léireoidh luach oibríochtúil ICSANT. Mar a moladh sa dá Chinneadh ón gComhairle roimhe seo, leanfaidh UNOCT/UNCCT de na ceardlanna agus na cleachtaí boird a chur ar fáil i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear IAEA, INTERPOL, Ionaid Barr Feabhais AE CBRN CoE, Airmheán Comhpháirteach Taighde an Aontais, UNICRI agus EDC. Leis na ceardlanna réigiúnacha agus na cleachtaí boird, forbrófar acmhainneacht i réimsí ábhartha arna sainaithint ag na Stáit is páirtithe, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó:

**An sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac agus béim á leagan ar bhrath** chun críche fothaithe acmhainneachta i réimse an bhraite, ag díriú ar dhea-chleachtais a shainaithint agus a chur i bhfeidhm maidir le brath ábhair raideolaíoch/núicléach trí bhíthin faisnéise agus ionstraimí a chuireann le fothú acmhainneachta chun sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac ós rud é go mbaineann sé le bainistiú slándála teorann.

**An sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac agus béim á leagan ar fhóiréinsic** chun críche fothaithe acmhainneachta i réimse na fóiréinsice, ag díriú ar a thábhachtaí atá an fhóiréinsic núicléach, comhordú idirghníomhaireachta, agus rannchuidiú le fothú acmhainneachta chun an sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac.

**Sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac le béim ar fhreagairt agus ar mhaolú** chun críche fothaithe acmhainneachta i réimse na freagartha agus an mhaolaithe, ag díriú ar an gcumas freagairt ar bhealach éifeachtach, tráthúil agus comhordaithe ar theagmhais sceimhlitheoireachta a bhaineann le hábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile mar ghné bhunriachtanach de chreat slándála núicléiche.

**Gníomhaíocht 3.1.2: Cleachtaí boird chun cur le hacmhainneacht na Stát is páirtithe in ICSANT an sceimhlitheoireacht núicléach a chomhrac (UNODC)**

Déanfaidh UNODC dhá chleachtadh boird do Stáit is páirtithe in ICSANT chun cur chun feidhme ghnéithe oibríochtúla an Choinbhinsiúin a fheabhsú. Rannchuidigh UNODC go mór le 6 chleachtadh boird a cuireadh i gcrích faoin dá Chinneadh ón gComhairle a eisíodh roimhe seo, mar chomheagraí i bhformhór na gcásanna in éineacht le UNOCT agus comhpháirtithe eile (e.g. an Iodáil, an Mhongóil, an Táidsíceastáin agus SAM). Ina theannta sin, tá cuntas teiste fada ag UNODC maidir le cleachtaí boird eile agus cineálacha cúnaimh theicniúil agus oibríochtúil fothaithe acmhainneachta a sholáthar do pháirtithe leasmhara ábhartha (lena n-áirítear forfheidhmiú an dlí, custaim, oifigigh túslíne…) maidir le coireanna a bhaineann le hábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile a thiocfadh faoi raon feidhme ICSANT a bhrath agus a dhíchumasú agus freagairt orthu. Cuireadh an cúnamh sin ar fáil i gcomhpháirt le saineolaithe Bhrainse um Bainistiú Teorainneacha UNODC, go minic i gcomhar le IAEA, INTERPOL, Ionaid Barr Feabhais CBRN an Aontais, agus saineolaithe idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear saineolaithe an Aontais. Déanfaidh UNODC na cleachtaí boird atá beartaithe leis na comhpháirtithe sin agus le comhpháirtithe breise, de réir mar is iomchuí.

**Aschur 3.2. Is fearr anois an t-eolas agus an tuiscint atá ag na Stáit is páirtithe ar bhagairt na sceimhlitheoireachta raideolaíche agus núicléiche**

**Gníomhaíocht 3.2.1: Oiliúint náisiúnta ar an láthair maidir leis an sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac (UNOCT)**

Eagróidh UNOCT/UNCCT oiliúint náisiúnta spriocdhírithe amháin do Stát is páirtí chun éifeachtacht oibríochtúil ICSANT a fheabhsú trí iarratais phraiticiúla an Choinbhinsiúin a léiriú, trí chás-staidéir agus cleachtaí praiticiúla, do pháirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear, *inter alia*, custaim, gardaí teorann, breithiúna, ionchúisitheoirí, forfheidhmiú an dlí, comhlachtaí rialála, an Aireacht Cosanta, an Aireacht Gnóthaí Eachtracha, an Aireacht Sláinte, an Aireacht Tionscail, an Aireacht Dlí agus Cirt, agus seirbhísí Faisnéise. Leis an oiliúint, cuirfear feabhas ar acmhainneachtaí na Stát is páirtithe ICSANT a chur i bhfeidhm trí thuiscint a fháil freisin ar an riosca agus ar an mbagairt, trí fheabhas a chur ar chumais ullmhachta, coisc, díchumasaithe agus freagartha, trí fhrithbhearta a fhorbairt, trí fhreagairt ar theagmhais a chleachtadh agus trí chomhar idirnáisiúnta a fheabhsú i gcás teagmhas T/N. Bainfidh UNOCT/UNCCT tairbhe as an taithí fhairsing a fuarthas óna phunann oiliúna agus breis agus 1 700 oifigeach oilte ann.

Oibreoidh UNOCT/UNCCT leis na Stáit is páirtithe leasmhara chun an oiliúint oiriúnach frithsceimhlitheoireachta a shainaithint, de réir a dtosaíochtaí agus a riachtanas, lena n-áirítear sna réimsí seo a leanas:

**Oiliúint náisiúnta – Cúrsa bunúsach maidir le bagairtí raideolaíocha agus núicléacha** lena gcuirtear ar chumas pearsanra freagairt go héifeachtach ar an staid raideolaíoch agus núicléach, lena dtugtar moltaí do fhreagróirí chun go mbeidh siad in ann oibriú i dtimpeallacht ina bhfuil oibreáin raideolaíocha agus núicléacha a d'fhéadfadh a bheith guaiseach.

**Oiliúint náisiúnta – Cúrsa Idirmheánach maidir le bagairtí raideolaíocha agus núicléacha** lena gcomhtháthaítear topaicí ábhartha a bhaineann le bagairtí raideolaíocha agus núicléacha. Áireofar leis sin, taispeántais agus cleachtaí praiticiúla, ina mbeidh cásanna réalaíocha a bhaineann le gáinneáil raideolaíoch a bhrath agus a dhíchumasú, ábhar raideolaíoch nó núicléach a shainaithint ar láthair na coire, agus guaiseacha agus fianaise raideolaíocha agus núicléacha a aithint.

**Oiliúint náisiúnta – Ardchúrsa maidir le bagairtí raideolaíocha agus núicléacha** lena gcumhdaítear bagairtí raideolaíocha agus núicléacha ar bhealach níos mionsonraithe agus béim ar leith á leagan ar ghléasanna scaipthe ábhair raideolaíoch agus ar ghléasanna núicléacha seiftithe.

**Oiliúint náisiúnta – Cúrsa maidir le frithbhearta raideolaíocha agus núicléacha** ina gcuirtear i láthair an cur chuige ilghníomhaireachta lena ndírítear ar fhrithbhearta a fhorbairt i leith bagairtí raideolaíocha agus núicléacha, agus ar an bhfreagairt chomhpháirteach ar theagmhais raideolaíocha agus núicléacha, ó phríomhghníomhaireachtaí náisiúnta, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, lucht custaim, gníomhaireachtaí slándála, céadfhreagróirí, lucht faisnéise, lucht sláinte poiblí, údaráis rialála, lucht tionscail, etc.

**Oiliúint náisiúnta – Cúrsa maidir le cosaint bonneagair chriticiúil** ina ndírítear ar earnálacha ar féidir ionsaí díreach a dhéanamh orthu, mar shampla stáisiúin núicléacha, imoibreoirí taighde núicléach, suíomhanna ina bhfuil foinsí raidió, nóid iompair, mar aon le hearnálacha a fhéadfaidh gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad díriú orthu chun teicneolaíochtaí íogaire agus rialaithe a fháil.

***Toradh 4: Feabhas a chur ar an gcomhar náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear malartú faisnéise, laistigh de na Stáit is páirtithe agus eatarthu féin agus bearta éifeachtacha praiticiúla á gceapadh agus á nglacadh acu chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme go héifeachtach.***

**Aschur 4.1: Éascaítear malartú faisnéise de réir mar a éilíonn ICSANT**

**Gníomhaíocht 4.1.1.: Feachtas chun na Stáit is páirtithe in ICSANT a spreagadh chun údarás inniúil agus pointe idirchaidrimh a ainmniú de bhun Airteagal 7(4) den Choinbhinsiún (UNODC)**

Tá UNODC i gceannas ar fhógraí maidir le hainmniú údarás arna ndéanamh ag na Stáit is páirtithe faoi Airteagal 7(4) a fháil agus a scaipeadh. Postáiltear na fógraí a fhaightear ar shuíomh gréasáin ICSANT UNODC.

Leanfaidh UNODC dá fheachtas arb é is aidhm dó Stáit ar páirtithe iad cheana in ICSANT a spreagadh chun an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 7(4) a chomhlíonadh, lena gceanglaítear ar na Stáit is páirtithe na Náisiúin Aontaithe a chur ar an eolas faoina n-údaráis inniúla agus faoina bpointí idirchaidrimh atá freagrach as faisnéis a bhaineann le ICSANT a sheoladh agus a fháil. Chomhlíon an feachtas a rinneadh le linn an dara Cinneadh ón gComhairle a chuspóir go rathúil; ón 11 Bealtaine 2026 ar aghaidh, bhí 44 ainmniúchán nua agus 18 nuashonrú ar ainmniúcháin roimhe sin mar thoradh air. Áireofar ar na gníomhaíochtaí litreacha a sheoladh chuig Buanmhisin ábhartha lena n-iarrtar orthu a n-oibleagáid faoi Airteagal 7(4) a chomhlíonadh; cruinnithe déthaobhacha a reáchtáil; obair leantach a dhéanamh ar nuashonruithe a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hainmniúcháin a bhí ann roimhe seo; feabhsuithe a dhearadh agus a chur chun feidhme maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna a chomhlíontar faoi Airteagal 7(4); agus Airteagal 7(4) a chur chun cinn sna fóraim ábhartha.

**Gníomhaíocht 4.1.2: an dara cruinniú d'údaráis inniúla náisiúnta agus pointí idirchaidrimh ICSANT (UNODC)**

Eagróidh UNODC an dara cruinniú de na húdaráis inniúla agus na pointí idirchaidrimh sin i Vín na hOstaire, sa tríú bliain den tionscadal. Ag tógáil ar thorthaí an chéad chruinnithe a tionóladh i Vín in 2026, áireofar ann, *inter alia*, bréagfhreachnamh comhordúcháin agus oiliúint maidir le conas a bheith ina phointe idirchaidrimh 7(4) éifeachtach. Díreofar an cruinniú ar na pointí idirchaidrimh náisiúnta agus ar gheallsealbhóirí náisiúnta ábhartha eile.

**Aschur 4.2: Baineann na spriocphobail úsáid ar an leibhéal réigiúnach as dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh maidir le dul isteach in ICSANT agus cur chun feidhme ICSANT chun cur chun feidhme éifeachtach ICSANT agus na slándála núicléiche a mhéadú**

**Gníomhaíocht 4.2.1: Ceardlanna réigiúnacha agus foréigiúnacha idir piaraí chun dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt maidir le páirt a ghlacadh in ICSANT (UNOCT) agus maidir lena chur chun feidhme**

Eagróidh UNOCT/UNCCT trí cheardlann idir piaraí réigiúnacha agus foréigiúnacha ar líne do líon beag tíortha chun dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh maidir le cur chun feidhme éifeachtach ICSANT a chomhroinnt trí chásanna praiticiúla, agus béim á leagan ar chreataí dlíthiúla, oibríochtúla agus comhoibritheacha. Léireofar torthaí na gceardlann i ndoiciméad toraidh, lena n-áirítear treochláir agus moltaí chun cur chun feidhme éifeachtach a fheabhsú d'fhonn beartais, cleachtais agus nósanna imeachta a fheabhsú i gcomhréir le forálacha ICSANT. Spreagfaidh na himeachtaí sainaithint curaidh réigiúnacha agus d'fhéadfadh breathnóirí do Stáit nach bhfuil ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún go fóill a bheith san áireamh iontu.